# Costas
# Mo shiopa áitiúil

Cén costas atá ar na hearraí seo a leanas i do shiopa áitiúil? Scríobh costas na n-earraí síos sna spásanna cuí. Ansin, faigh amach cén costas atá ar na hearraí céanna i siopa áitiúil do pháirtnéara. Cé acu an siopa is costasaí?

Cén cheist a beidh ag teastáil uait?

| | **Mo shiopa áitiúil** | **Siopa áitiúil mo pháirtnéara** |
|---|---|---|
| **arán gairleoige** | | |
| **mála mór prátaí** | | |
| **málaí tae** | | |
| **builín aráin** | | |
| **lítear de bhainne** | | |
| **buidéal uisce** | | |

..............................................✂..............................................

# Costas
# Mo shiopa áitiúil

Cén costas atá ar na hearraí seo a leanas i do shiopa áitiúil? Scríobh costas na n-earraí síos sna spásanna cuí. Ansin, faigh amach cén costas atá ar na hearraí céanna i siopa áitiúil do pháirtnéara. Cé acu an siopa is costasaí?

Cén cheist a beidh ag teastáil uait?

| | **Mo shiopa áitiúil** | **Siopa áitiúil mo pháirtnéara** |
|---|---|---|
| **arán gairleoige** | | |
| **mála mór prátaí** | | |
| **málaí tae** | | |
| **builín aráin** | | |
| **lítear de bhainne** | | |
| **buidéal uisce** | | |

# Costas
# Bialann na Seamróige (A)

Tá tú ag obair i mBialann na Seamróige. Caithfidh tú an biachlár a chríochnú. Tá praghsanna in easnamh. Tá an t-eolas ag freastalaí eile. Cuir glaoch air agus cuir ceisteanna air chun an biachlár a líonadh isteach i gceart.

## Bialann na Seamróige

Cupán caife €_____

Cupán tae €2.50

Gloine uisce €2.00

Gloine bainne €_____

Gloine beorach €3.00

Gloine fíona €4.00

Ceapaire feola €_____

Ceapaire sailéid €_____

Cáca beag €_____

Caca mór €5.50

Uachtar reoite €_____

# Costas
# Bialann na Seamróige (B)

Tá tú ag obair i mBialann na Seamróige. Caithfidh tú an biachlár a chríochnú. Tá praghsanna in easnamh. Tá an t-eolas ag freastalaí eile. Cuir glaoch air agus cuir ceisteanna air chun an biachlár a líonadh isteach i gceart.

## Bialann na Seamróige

Cupán caife €2.50

Cupán tae €_____

Gloine uisce €_____

Gloine bainne €2.00

Gloine beorach €_____

Gloine fíona €_____

Ceapaire feola €4.00

Ceapaire sailéid €3.50

Cáca beag €2.50

Caca mór €_____

Uachtar reoite €3.00

# Costas
# Sa teach tábhairne, sa chaife agus sa bhaile

**Léigh na comhráite seo a leanas le do pháirtnéirí.**

**(a) Sa teach tábhairne**

**Freastalaí:** Cad ba mhaith libh?

**Custaiméir:** Dhá phionta Guinness agus gloine sú oráiste le do thoil.

**Freastalaí:** Cinnte, ar mhaith leat leac oighir sa sú oráiste?

**Custaiméir:** Ba mhaith, go raibh maith agat.

**Freastalaí:** Seo dhuit. Sin €9.50 le do thoil.

**Custaiméir:** Seo dhuit, fiche Euro.

**Freastalaí:** 'Bhfuil caoga cent agat?

**Custaiméir:** Tá, cinnte. Seo dhuit.

**Freastalaí:** Agus deich Euro duitse. Go raibh maith agat.

**Custaiméir:** Go raibh maith agat féin. Sláinte!

**(b) Sa chaifé**

**Freastalaí:** Fáilte romhaibh. Cad ba mhaith libh?

**Custaiméir:** Beidh dhá cappuccino againn agus cáca beag amháin le do thoil.

**Freastalaí:** Cinnte. Nóiméad amháin.

**Custaiméir:** Beimid thall anseo.

**Freastalaí:** Go breá.

.........................................................................................................................

**Freastalaí:** Anois, seo daoibh.

**Custaiméir:** Go raibh maith agat. An bille, le do thoil.

**Freastalaí:** Cinnte… Sin ocht caoga, le do thoil.

**Custaiméir:** Anois, seo duit. Go raibh maith agat.

**Freastalaí:** Ná habair é.

# Costas
# Sa teach tábhairne, sa chaifé agus sa bhaile ar lean

**(c) Cuairteoirí sa bhaile**

**Nóra:** Tá tart orm anois, tá mé chun caife a dhéanamh. An mbeidh cupán caife agaibh?
**Éilís:** Beidh tae agamsa, le do thoil
**Sarah:** Ba mhaith liomsa cupán caife, le do thoil.
**Nóra:** Le siúcra agus bainne?
**Éilís:** Bainne agus siúcra domsa.
**Sarah:** Caife dubh gan siúcra domsa, más é do thoil é.
**Nóra:** Ar mhaith libh píosa cáca leis sin?
**Sarah:** Níor mhaith, go raibh maith agat, níl aon ocras orm.
**Éilís:** Ba mhaith liomsa, go raibh maith agat. Píosa beag.
**Nóra:** Seo daoibh.
**Sarah & Éilís:** Go raibh maith agat.
**Nóra:** Fáilte romhaibh!

**d. Léigh agus freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. An bhfuil aon fhoclóir sna comhráite gur mhaith leat a fhoghlaim?

   ______________________________________________________

2. Conas a ólann tú
   a. do thae? Le________________________
   b. do chaife? Le ______________________

3. Cathain is féidir leat úsáid a bhaint as an bhfoclóir seo?

4. Sa chéad chomhrá dúirt an custaiméir *sláinte*? An dtuigeann tú cad is brí le *sláinte*? Cad a deirtear i do theanga dhúchais?